AN TEASTAS SÓISEARACH

SIOLLABAS NA GRÉIGISE

1. RÉASÚNAÍOCHT

1.1 Baineann an Ghréigis leis an ngrúpa de theangacha an Ind-Eorpaigh agus is í an nuatheanga Gréigise an fhorbairt is déanaí a d'éirigh aisti. De thoradh na táibhléid Líneacha B a bheith inléite, síneann an taifead scríofa den teanga Ghréigise chomh fada siar le 1200 R.C., ar a laghad.

1.2 Ba iad na sean-Ghréigigh an chéad chine a rinne taifid chuimsitheacha – go coinsiasach agus go neamhchoinsiasach – a chur le chéile chun déileáil leis an bhforbairt intleachtúil a bhain le stair, le siceolaíocht, le polaitíocht, le fealsúnacht agus leis an bhfearann liteartha, ealaíonta agus matamaiticiúil. De bharr sin, baineann fréamhacha den chuid is mó de mhórghníomhaíochtaí intleachtúla den lá inniu le bunús Gréigeach. I ngnéithe polaitíochta, mar shamlpla, táimid faoi chomaoin na nGréagach do na smaointe a bhaineann le monarcacht, le holagarcach agus le daonlathas. Leis an bhfírinne a rá, is Gréigis iad na focail a bhainimid feidhm astu chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe polaitíochta, mar shampla an focal 'polaiteoir'. Mar an gcéanna, ba cúram é do na Gréigigh an riachtanas a mhothaimid chun iniúchadh agus taifead a dhéanamh go neamhlaofa ar ghníomhaíochtaí comhuaineacha le haghaidh giniúna sa todhchaí (gnéithe reatha agus stair is mó). (An focal Greagach *historia*, ciallaíonn sé 'gníomhaíocht fhoghlamtha trí iniúchadh' agus 'athchuntas a thabhairt ar a bhfuil foghlamtha trí iniúchadh' araon, an rud a bhi ar intinn mórstaraithe agus mórfhealsúnaithe na Gréige a chur i gcrích.

1.3 Rinne na Gréigigh an fhorbairt intleachtach seo a thaifeadadh ní amháin le soiléiriú éirimiúil na gceannródaithe ach freisin leis an uaisleacht a sháraíonn a ré agus a thugann gealltanas don tsíoraíocht.

1.4 An tábhacht ar leith maidir le oideachas Gréigise, baineann sé leis na gnéithe ginearálta a leanas:-

- feidhmiú mar mheán leagan cainnte a bhaineann le dearadh agus fhorbairt mór-réigiún den obair intleachtach ina n-áireaofar filíocht eipiciúil, liriceach agus drámaíochta mar aon le stair, le óráidíocht, le fealsúnacht, le reiligiun agus le matamaitic

- de thoradh a leithéide, na scríbhinní sna réigiúin sin atá ar fáil sa teanga Ghréagach atá mar sine qua non ní amháin chun na sean-Gréigigh féin a thuiscint ach freisin chun ciall a bhaint as fhorbairt ár sibhialtachta ina dhiaidh sin

- fáil sa teanga Ghréagach ar chuid mhaith den saothar is fearr sa domhan litríochta

- an áilneacht atá sa teanga Gréagach mar mheán na cumarsáide

- an foclóir a chruthaigh na sean-Gréigigh – an ceann go bunúsach atá i bhfeidhm inniu – chun cur síos a dhéanamh ar ár saol intleachtach a bhaineann le toisí liteartha, stairiúla, drámaíochta, polaitiúla, fealsúnachta, ealaíonta, ailtíreachta, matamaiticiúla agus Eolaíochta

- na ceachtanna bunúsacha atá le fhoghlaim as staidéar a dhéanamh ar an stair Ghréagach, maidir, ach go háirithe, leis an gcúigiú aois R.C.

- an domhan iontach a bhaineann le míotas agus finscéal Gréagach

- feidhmiú na Gréigise mar theanga den Tiomna Nua mar aon leis an *Septuagint*, an t-aistriú ardchomhachtach réamh-Chriostaíochta den Bhiobla Eabhrach

- an fhorbairt d'fhíoracha ealaíne agus ailtíreachta ag na Gréigigh a thaispeánann go soiléir a gcuid éachtaí intleachtacha agus a chomhlánaíonn a leithéid

- Go bunúsach, an teanga agus an tsibhialtacht Ghréagach a chruthaigh a gcuid urlabhraithe, tugann sí tuiscint agus freagra ar an saol atá á chaitheamh againn sa domhan. An freagra sin, de bhrí go bhfuil an tosaíocht aige maidir le am agus maidir le inniúlacht an chine Ghréagaigh, baineann soiléiriú uathúil, láithreach agus tábhacht leis.

1.5 Tá sé tábhachtach go mbeadh meas again ar ról speisialta na teanga Gréigise sa mhéid go ndéanann si an tsibhialtacht chlasaiceach a bhunú agus a aistriú trí

- an mhórthionchar ar oideachas agus ar faire na gceannairí polaitiúla agus intleachtula den Phoblacht agus den Impireacht Rómhánach

- an stádas ina dhiaidh sin a bhain leis an teanga oifigiúil den Impireacht Rómánach Oirthear a bhí lonnaithe i Byzantium síos chomh fada le 1453 A.D.

Rinne a leithéid an Athbheochan a spreagadh agus bhunaigh sé an nua-shibhilteacht. Leis an bhfírinne a rá, bhí an teanga agus an tsibhialtacht Ghréagach mar Dhroichead a chuimsigh Ré Dhorcha na hEorpa a choinnigh leanúnachas agus muinín sa bhforbairt.

1.6 Ni mór a thuiscint, mar sin féin, gan a rannpháirteacht sa bhuanú agus in athnuachan na sibhialtachta a chur san áireamh, beidh sé fiúntach staidéar a dhéanamh ar an teanga Ghréagach inti féinigh. De bhrí go bhfuil sí chomh saibhir sin ina cuid saothair scríofa, ní fhéadfá a rá go bhfuil si áitiúil ach go bhfuil sí gan amhras uilíoch.

1.7 Mar achoimre, mar sin, fheidhmíonn an teanga Ghréagach an ghné thábhachtach seo – teagmháil dhíreach ár sochaí a choinniú le teanga agus sibhialtacht na Gréige agus sa tsli sin na mic léinn a chur in eolas faoi fréamhacha ár saoil intleachtúil.

2. AIDHMEANNA

Is iad na haidhmeanna ginearálta a bhaineann leis an nGréigis sa Teastas Soisearach ná chur a chur ar chumas daltaí:-

- an Ghréig a léamh, a thuiscint agus sult a bhaint aisti
- eolas agus thuiscint a fháil ar stair, ar shibhialtacht, ar mhiotas agus ar fhinscéal na Gréigise
- a bheith feasach ar mhórthionchar agus ar sheasmhach na teanga agus na sibhialtachta Gréigise ar an domhan nua-aoiseach
- meas, ach go háirithe, ar ról na teanga ar oidhreacht agus ar dhearcadh comónta na hEorpa.

2.1 Ag éirí as a leithéid d'aidhmeanna ginearálta, 'siad seo a leanas aidhmeanna níos sonraithe:-

Tuiscint na teanga Ghréigise a mhúineadh chun críche na léitheoireachta. Agus é seo ar siúl, féachann an múinteoir ar an teanga Ghréigise mar an fhoinse ábhair is údarásaí atá ar fáil anois díreach chun teacht ar eolas na nGréagach maidir lena litríocht agus cultúr atá forbartha acu.

Chun a leithéid d'eolas ar an teanga Ghréigise a thabhairt do mhic léinn i dtéarmaí graiméir agus comhréire chun a bhfuil thuas a bhaint amach i gceart.

Agus aidhmeanna (i) agus (ii) á mbaint amach, chun a thaispeáint ag an leibhéal cuí an struchtúr, an tsolúbthacht agus an áilneacht atá fite fúite sa teanga Ghréigise.

Chun thuiscint bhunúsach a thabhairt do mhic léinn ar fhás stairiúil na chéad daoine Eorpacha a rinne taifid chuimsitheacha ar a bhforbairt don sliocht le teacht.

Chun scrúdú, ach go háirithe, a dhéanamh ar thréimhse ghéibheannach den stair Ghréigach ó 500 go dtí 430 R. C. go hachomair

Chun thuiscint bhunúsach a thabhairt do mhic léinn ar mhorinstitiúidí polaitiúla agus sóisialta an Ataen agus Sparta e.g. an *polis, deme,* oideachas agus cluichi lúthchleasacha

Réamhcheachtanna a thabhairt do mhic léinn ar mhórmhiotais agus finscéalta Gréigise

Chun tionchar na teanga Gréigise a thaispeáint maidir le foclóir eolaíoch, teicneolaioch, fealsúnachta, polaitiúil, matamaiticiúil a cruthu mar aon le focloir eile, ach go háirithe, chun éilimh fhoclóra na heolaíochta nua-aimseartha a shásamh agus sa tsli sin ranníocaíocht suntasach a dhéanamh do thuiscint ghinearálta na mac léinn a bhainfidh le fás agus míniú focal agus don leibhéal ginearálta liteartha.

Chun dul ar aghaidh don chlár Gréigise san Ardteistiméireacht a dhéanamh mín agus gan stro do mhic léinn.

I gcás na mac léinn sin nach bhfuil in ann leanúint leis an nGréigis tar éis an Teastais Shóisearaigh, go bhfuil siad ar an tuairim gur bhain siad sásamh as an teanga.

3. CUSPÓIRÍ AN CHÚRSA

Déanann na cuspóirí cúrsa liosta de na coincheapa, den eolas, de na scileanna agus iompair ba chóir do na mic léinn a fháil agus a fhorbairt sa siollabas seo.

3.1 Coincheapa

Beidh thuiscint ag na mic léinn ar na heochairchoincheapa ar a bhfuil an siollabas bunaithe:-

(i) an choincheap de *theanga chlasaiceach* , sé sin, teanga a saothraigh mar theanga urlabhra agus scríofa a chleachtaigh formhór na ndaoine i sibhialtacht ardfhorbartha thar fadtréimhse ama. I rith na haimseartha sin rinneadh féith uathúil na ndaoine a réalú sa teanga sin in éagsúlacht scríbhneoireachta. Déanann na samplaí is fearr den scríbhneoireacht sin ráitis uilíocha neamhspleách den am agus den spás.

(ii) an choincheap de phointe neamhchinnte a bheith sroichte ag teanga chlasaiceach sa tslí nach bhféadfaí í a athrú ná cur leis go buan faoi mar is féidir le teanga nua-aimseartha a dhéanamh

(iii) an choincheap de shibhialtacht, de thoradh (i) agus (ii), thuas, gur féidir a thuiscint ar an toirt agus go húdarásach trí theanga atá iomlán agus neamhathraitheach

(iv) an choincheap de *chanúint* a bhfuil samplai di be fós sa Ghréigis

(v) an choincheap a bhainfidh le bunús agus le bás ardsibhialtachta agus conas mar is féidir linn teacht ar eolas futhu i slí speisialta tríd an teanga agus an litríocht mar aon le roinnt eolais ar ealaín, ar sheandálaíocht agus ar an saol sóisialta

(vi) coincheap an daonlathais agus na tíorántachta trí staidéar comparáideach ar an tsochaí Ataenach agus ar an tsochaí Pheirseach sa chúigiú haois RC

3.2 Eolas

Tiocfaidh na daltaí ar -

(i) eolas ar an teanga Ghréigise a bheidh iomchuí lena n-aoiseanna

(ii) eolas ar ghraiméar na Gréigise a chuirfidh ar a gcumas, go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, thuiscint a bhaint amach ag an leibhéal cuí agus meas ar struchtúr speisialta na teanga Gréigise

(iii) de thoradh (i) agus (ii), thuas, eolas ar an difríocht idir teanga shintéiseach mar Ghréigís (i.e. úsáid as focail a chasadh chun thuiscint a chur i gcéill) agus teanga anailíseach mar Bhéarla (i.e. teanga a thugann tuiscint tri theaglamaigh d'fhocail ar leith seachas casadh ραῦρα έπρᾳττε στρᾳτηγῶυ;). Ina leith sin, meas a bhunú ar an gceangal speisialta idir an teanga Ghaeilge agus an Ghréigis

(iv) roinnt eolais agus meas ar an litríocht Ghréagach trí staidér ar shamplai iomchuí

(v) tusicint ar an tsochaí Ataenach agus, ach go háirithe, ar an daonlathas

(vi) tuiscint ghinearálta ar an tsochaí Spartach agus conas mar a bhí difríocht idir í agus an tsochaí Ataenach

(vii) tuiscint ghinearálta ar an stair Ghréagach ón am inar tharla coimhlint idir an cine Ionach agus Impireacht Peirseach agus chomh fada siar inar tharla coimhlint i measc na nGréagach féin sa Chogadh Poloponnesach

(viii) tuiscint ghinearálta ar conas mar a bhi tionchar ag daoine cháiliúla ar an stair Ghréagach

(ix) eolas ginearálta ar mhiotas, ar fhinséal agus ar reiligiún Gréagach, oracail san áireamh

(x) tuiscint ghinearálta ar an oideachas Ataenach agus Spartach agus na Príomh-dhifríochtai idir eatorythu

3.3 Scileanna

Ba chóir do na daltaí scileanna ar leith a fhorbairt go huathoibrioch trí staidéar a dhéanamh ar theanga, ar litríocht, ar stair, ar shibhialtacht agus ar mhiotaseolaíocht Ghréagach mar atá siad breacrianaithe sa siollabas seo:-

(i) an inniúlacht chun *aistriúchán* a dhéanamh ar shleachta iomchuí Gréigise go dti an teanga dhúchasach go beacht, go soiléir agus go nadúrtha;

(ii) an inniúlacht chun sleachta Gréigise ag an leibhéal deacrachta cui a *thuiscint*

(iii) an inniúlacht chun aistriúchán a dhéanamh ar an teanga dhúchasach go Gréigis ag an leibhéal deacrachta cuí (*aiste*)

(iv) an inniúlacht chun an Ghréigis a léamh os ard go soiléir, go héifeachtach agus le tuiscint

(v) an inniúlacht chun focail, clásail agus abairtí Gréigise a *anailísiú* agus a *rangú* a chabhroidh na daltaí spéis a bheith acu sa teanga Ghréigise mar aon leis an tuiscint ar an teanga dhúcasach agus ar theangacha eile a láidriú

(vi) inniúlacht ag an leibhéal cuí chun foinse focal a mhíniú (*sanasaíocht*) tri analisiú a dhéanamh ni amháin ar fhocail Ghréigise ach ar fhocail sa teanga dhúcasach a thagann ón nGréigis

(vii) tri fheidhm a bhaint as a leithéid de shanasaíocht, an inniúlacht chun cuid de na prionsabail a bhaineann le *fás teanga* a thuiscint

(viii) ag baint feidhme as (i) go dtí (vii), thuas, roinnt gnéithe *beachta agus loighciúla*

(ix) an inniúlacht chun na cosúlachtai agus na neamhchosúlachtai idir an tsibhialtacht nua-aimseartha agus sibhialtacht Ghréagach a mheas

(x) an inniúlacht chun faisnéis riachtanach a athfháil agus a thaifead ó fhoinsí ar leith, go mór mór sa chroíréigiún um staidéar teanga; e.g. is scil riachtanach é faisnéis ón bhfoclóir Gréagach a athfháil agus a fheidhmiú i gceart

(xi) an inniúlacht chun an t-eolas a fuarthas as staidéar na Gréigise a fheidhmiú sna réigiúin eile staidéar.

3.4 <u>Iompair</u>

De thoradh staidéar a dhéanamh ar an siollabas seo, ba chóir do na daltaí iompair ar leith a fhorbairt go nádúrtha mar a léirítear thíos:-

(i) trí eolas éifeachtach a fháil ar an teanga Ghréigise, meas a bheith ag daltaí ar ról na teanga chun pictiúr cine agus sibhialtachta a chur i gcéill, neamhspleách den am atá caite

(ii) meas ar uathúil gach aoise agus sibhialtachta

(iii) tuiscint agus meas again ar cé chomh comónta is atá ár sibhialtacht leis an tseansibhialtacht

(iv) ár bhfonn chun an taifead a bhaineann leis an sean a chuadach agus ár meas chun an riachtanas atá ann é a chuimsiú agus a aistriú do na glúin sa todhchaí

(v) maidir leis an sampla mar Ataen sa chúigiú haois R.C., bheith feasach go bhféadfadh comhphobail bheaga iad féin a shásamh sna gnéithe intleachtacha, ealaíonta, ailtíreachta, spioradálta agus chaitheamh aimsire.

4. STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

4.1 Breacriantar thíos na sé réigiún ghinearálta staidéar laistigh den siollabas Gréagach sa Teastas Sóisearach mar aon leis an gcéatadán ama a mholtar do gach ceann acu:-

	Téama	**Am**
(a)	Aistriúchán agus Staidéar Cúlra ar Ghréigis Réamhainmnithe	15%
(b)	Aistriúchán ar Ghréigis neamhainmnithe	15%
(c)	An Ghréigis a thuiscint (Graiméar agus Sanasaíocht san áireamh)	15%
(d)	Aiste sa teanga Ghréagach	15%
(e)	Stair Ghréagach	10%
(f)	Sibhialtacht, Miotas agus Finscéal Gréagach	10%

4.2 Caithfidh na daltaí staidéar a dhéanamh ar gach chuid thuas chun struchtúr an tsiollabais a chomhlíonadh. An mórualú a thugtar don Stair Ghréagach agus do Shibhialtacht, Míotas agus Finscéal Gréagach, éiríonn sé as an tábhacht ba chóir a thabhairt do na téamaí sin sa chéad bhliain Ghréagach. Bheadh an t-ualú ama a thugtar do na téamaí sin i bhfad níos lú sa dara agus sa tríú bliain d'aon ghnó chun níos mó ama a dhíriú ar mháistreach a bhaint amach sa teanga Ghréagach, priomh-ghnó an tsiollabais. Tá cothromaíocht cuí, beag nó mór, bainte amach ag an siollabas idir litríocht / teanga / graiméar agus stair /sibhialtacht/miotas/finscéal.

4.3 Ní fhrithchaitheanna an dáileadh marcanna sa scrúdú scoir na hualaithe ama a thaispeántar anseo. (Féach Mír 7.2 le haghaidh na mionsonraí um ualú marcanna)

5. NA LEIBHÉIL A IDIRDHEALÚ

5.1 Déantar an siollabas a cur i láthair ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal aus Ardleibhéal

5.2 Tá an chreatlach siollabais comónta don dá leibhéal. Beifear ag súil, mar sin féin, go mbeadh caighdeán níos airde sroichte ag daltaí an Ardleibhéil maidir le aistriúchán ar Ghréigis Réamhainmnithe agus Neamhainmnithe agus i dTuiscint, Graiméar agus Aiste Gréigise.

Tugtar na mionsonraí sna réigiúin ábhartha den Ábhar Siollabais i Mír 6 thíos maidir leis na riachtanais a bheidh ag teastáil ag an dá leibhéal sa Ghraiméar agus Aiste um Réamhainmnithe Gréigise.

Iarrfar ar dhaltaí Ardleibhéil léitheoireacht a dhéanamh ar mhéid níos mó de Litríocht Ghréigise ná mar a iarrfar ar dhaltaí Gnáthleibhéil. (Féach na mionsonraí i Mír 6.2)

Agus aistriúchán ar Ghréigis Neamhainmnithe agus i dTuiscint, Graiméar agus Aiste, beifear ag súil go bhfrithchaithfidh daltaí Ardleibhéil an staidéar leathan a rinneadh sa Ghréigis Réamhainmnithe agus Neamhainmnithe agus sa Ghraiméar agus san Aiste.

6. ÁBHAR AN tSIOLLABAIS

N.B. Is féidir staidéar a dhéanamh ag an leibhéal cuí ar na téamaí ginearálta den siollabas (Féach Mír 4.1 le haghaidh an liosta) i Leabhar 1 den *Athenaze*, An Introduction to Ancient Greek, Oxford University Press, 1990. Tá sé i gceist ag an téacsleabhar seo na daltaí a mhúineadh chun an Ghréigis a léamh agus a thuiscint i gcomhthéacs sibhialtachta agus cultúir an cúigiú haois agus sin í an fheidhm atá ag gach cuid den téacs. Dá bhrí sin tá *Athenaze* in oiriúint don siollabas seo.

Ní shásaíonn Leabhar 1 den *Athenaze*, áfach, na riachtanais uile den siollabas go mór mór na codanna a bhaineann leis an Teanga, Graiméar, Stair agus Finscéal na Gréigise. Ina leith sin, ní mór cur leis an staidéar tri léitheoireacht réamhainmnithe as *Greek Through Reading*, Nairn and Nairn, Bristol Classical Press a chuireann síos ar na gnéithe sin mar cúrsa bunúsach léitheoireachta.

6.1 Aistriúchán ar Ghréigis Neamhainnithe

Bíonn an tsochaí beann ar scileanna an aistritheora i ngach glún chun ábhar na seanscribhneoireachta a chur i gcéill go beacht agus chomh gar agus is féidir don teanga bhunúsach. Tá sé mar aidhm ag staidéar na Gréigise a leithéid de scileanna a bhuanú agus a chabhrú san duine aonair agus sa tsochaí.

Is cúrsa léitheoireachta sa Ghréigis go fhírinne an siollabas. Beidh an rath ag daltaí má éiríonn leo aistriúchán a dhéanam ar Ghréigis neamhainmnithe. Astriúchán á dhéanamh ag an dalta, sin é an chéad uair a bhuaileann sé/sí le ábhar on seandomhan.

Ba chóir an Ghréigis a léamh ó thús agus ba chóir go mbeadh cleachtadh go minic ag daltaí in aistriúchan beacht agus canúnach ó bhéal agus scríofa go dtí an teanga dhúchasach.

Ba chóir an Ghréigis a léam os ard go minic mar chleachadh aistriúcháin agus diaidh ar ndiaidh taispeánfaidh sé struchtúr uile na teanga e.g. cothromaíocht maidir le leagan cainte, le fo-leagan cainte agus le priomh-leagan cainte san abairt uile.

Éireoidh leis an siollabas seo má bhíonn na daltaí réidh don dúshlán aistriúcháin ar Ghréigis neamhainmnthe agus má bhíonn muinín acu as ucht bhuaileadh le ábhar ón ré Chlasaiceach. Bainfear amach an aidhm seo trí léitheoireach céimnithe a úsáid.

Ba chóir go mbeadh na sleachta le haghaidh aistriúcháin sa chéad téacsleabhar simpli, gairid suimiúil agus céimnithe a chuireann síos ar an saol, an stair agus miotaseolaíocht Ghréagach (le léaráidí más indéanta) agus go ndéanann déileáil le tuiscint, le graiméar, le sanasaíocht agus aiste a láidraíonn a bhfuil foghlamtha cheana ag na daltaí ó na sleachta Gréagacha. An téacsleabhar do na daltaí, *Athenaze*, An Introduction to Ancient Greek, Leabhar 1, shásaíonn sé na critéir sin agus cuireann in iúl an caighdeán don léitheoireacht neamhainmnithe go mbeifear ag súil leis thar chúrsa trí bliana.

Soláthraíonn *Athenaze*, Leabhar I, leordhóthain den ábhar léitheoireachta don chúrsa trí bliana de Ghréigis Neamhainmnithe mar aon le sleachta d'ábhar Réamhainmnithe. Soláthraíonn Leabhar II forchéimniú nádúrtha do leabhar 1 agus is foinse luachmhar í (gan a bheith réamhainmnithe) don ábhar léitheoireachta

N.B. Tá sé thar a bheith tábhachtach Lámhleabhar na Múinteoirí, Imleabhar I, a dhéanann an téacsleabhar *Athenaze* a thionlachan, a chomhairliú fad is a bheadh *Athenaze*, Leabhar 1 á léamh de bhrí go mbreacrianann sé an chuspóir taobh thiar de gach caibidil agus go soláthraíonn sé an eochair do na sleachta uile Gréigise agus ceachtanna. Sa tsli sin déanfaidh na daltaí dul ar aghaidh rialta sa léitheoireacht Ghréigise. Ní cóir don mhúinteoir an iomad ama a chaitheamh ar shleachta deacra de bhrí go mbuailtear leo arís is arís sa téacs go mór mór i gcás foclóra agus dul cainnte.

Sa scrúdú scríofa scoir beidh na sleachta d'Aistriúchán Neamhainmnithe bunaithe ar fhoclóir agus ar an leibhéal ginearálta deacrachta mar atá i leabhar den *Athenaze*.

6.2 Aistriúchán ar Ghréigis Réamhainmnithe agus Cúlra

Cuireann cnuasach de litríocht Ghréagach ar chumas daltaí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théacsanna roghnaithe um ardcháiliocht agus infhaighte. Tugann sé an deis dóibh an cúlra a scrúdú agus a lonnú maille lena n-údair i suíomh stairiúil, shóisialta agus cultúrtha a chabhraíonn leis na daltaí an domhan Gréagach a thuiscint. Léiríonn cuid de na téacsanna sin, freisin, gnéithe den Stair, den tSibhialtacht, den Mhiotas agus den Finscéal mar atá sa siollabas. Tá fáil ar na Sleachta Réamhainmnithe sa téacsleabhar *Greek Through Reading*, Nairn and Nairn, Bristol Classical Press.

Caithfidh daltaí Ghnáthleibhéil staidéar a dhéanamh ar na sleachta a leanas as *Greek Through Reading:-*

15, 16, 17, 18, 21, 22, 23, 24, 25, 27, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37, 38. *

Caithfidh daltaí Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar na sleachta Gnáthleibhéil mar aon leis na sleachta a leanas:-

49, 50, 52, 58, 64, 65, 66, 67, 73, 74, 75, 84.*

* Féach an AGUISÍN le haghaidh teideal na sleachta réamhainmnithe.

6.3 Tuiscint na Gréigise (Graiméar agus Seanasaíocht)

Sleachta Gréigise chun críche tuisceana, tá siad ar fheabhas chun dul ar aghaidh na mac léinn a thástáil de bhrí go raibh na mic léinn céanna gafa i gcúrsa a chuir an bhéim ar léitheoireacht Ghréisise a bhíonn de shíor sa téasc réamhainmnithe, *Athenaze,* Leabhar 1.

Ní gá go mbeadh tuiscint sleachta i dteanga seachas an teanga dhúchasach go hiomlán beacht mar a bheadh aistriúchán. Déanann an tuiscint inniúlacht an léitheora a mheas chun míniú iomláine an tsleachta a chur i gcéill. Tiocfaidh míniú an tsleachta Ghréigíse go pras don dalta a bhíonn ag déileáil go minic le sleachta Gréigise. Cabhraíonn ceisteanna ar an sleacht le tuiscint an dalta. Ní bheidh an dalta gafa le canúint ná stíl ach le tuiscint. Cuireann an tuiscint in iúl don dalta nach gá i gcónai an teanga a aistriú don teanga dhúchasach ach go bhféadfaí sásamh a bhaint aisti agus smaointe a aisghabháil.

6.4 Graiméar

Is san aiste is mó a bhuaileann an dalta le graiméar foirmiúil cé go bhféadfaí bualadh léi tri anailís a dhéanamh ar shliocht Gréigise réamhainmnithe nó neamhainmnithe. De bhrí gurb í béim an tsiollabas seo an léitheoireacht sa Ghréigis a chur chun tosaigh, tá sé iontuigthe tástáil a dhéanamh ar roinnt gnéithe graiméir laistigh den sliocht a úsáidtear don tuiscint. Ina theannta sin, tugann an sliocht rogha níos leithne de shamplaí don mhúinteoir, don dalta agus don scrúdaitheoir e.g. beidh samplai ann d'ainmfhocail, de bhriathra, d'aidíachtaí mar aon le múnlaí cainte sa chomhthéacs. Sa tslí sin beidh míniú níos fearr ar fáil ag na daltaí ar ghraiméar a thástáil agus tabharfaidh sé an seans dóibh a bhfuil ar eolas acu seachas nach bhfuil ar eolas acu a chur in iúl. Is í an fheidhm ghinearálta atá i gceist anseo ná chun an graiméar a dhéanamh níos córa sa seomra ranga gan é a bheith aonarach sa chomhthéacs agus déanfar a leithéid a fhrithchaitheamh sa scrúdú.

Ba chóir go mbeadh staidéar déanta ag na daltaí ar a bhfuil thíos chun go bhféadfaidis na ceisteanna ar an graiméar a fhreagairt i gcomhthéacs na gceisteanna Tuisceana:-

- infhilleadh ainmfhocal agus aidíachtaí i ngach díochlaonadh
- infhilleadh forainmneacha pearsanta
- infhilleadh de rangabháileacha Láithreacha agus Aorist, Guthanna Gniomhacha agus Lárnacha
- Modh Ordaitheach Láithreach, Guthanna Gniomhacha agus Lárnacha de ghnáthbhriathra rialta agus an trí chineál de bhriathra teagmhála
- an Aimsir Láithreach, an Aimsear Fháisteanach, an Aimsir Neamhfhoirfe agus an aimsir Aorist, Guthanna Gníomhacha, Lárnacha agus Céasta, Modh Tástach de ghnáthbhriathra rialta agus na trí chineál de bhriathra teagmhála (ní hé an tseanfhoirm de 'Phriomh-chodanna' ach na haimsiri a bhuailtear leo sa *Athenaze,* Leabhar 1)
- úsáid as briathra neamhphearsanta σε ΄ῖ, ἐ/ εεστι
- an briathar, εἰ μί tá mé, sna haimsirí Láithreacha agus Neamhfhoirfe , an Modh Táscach
- céimeanna comparáide aidíachtaí, na gnáthcinn neamhrialta san áireamh (féach *Athenaze,* Leabhar 1, leathanaigh 170-173 le haghaidh láimhseála iomláin agus leathanach 223 le haghaidh achoimre díobh)
- an inniúlacht chun cásanna simpli de Fho-abairtí Réamhbheartaithe agus Torthaí agus an Leithliseach Ginideach (tabhair faoi deara go mbuailtear go minic leo siúd sna sleachta de Ghréigis réamhainmnithe ach nach ndéantar déileáil leo go foirmiúil san *Athenaze,* Leabhar 1, cé go bhfuil roinnt eiseamláirí ar fáil ann)
- an fhorainm choibhneasta ὅς agus fo-chlasal coibhneasta
- céimeanna comparáide dobhriathra (beidh na ceisteanna ar an ábhar sin teoranta don Ardleibhéal)
- an inniúlacht chun tógáil ar bith atá liostaithe le haghaidh staidéar faoi Mhír 6.6 (Aiste Ghréigise) thíos a aithint sa sliocht Gréigise le haghaidh tuisceana

6.5 Sanasaíocht

Rinneadh an tsanasaíocht (fréamhú focal agus staidéar ginearálta focal) a iomlánú in *Athenaze* agus beifear ag súil go mbeidh go leor samplai as leabhar 1 den téacs sin faoi iniúchadh ag daltaí. Chun a leithéid a dhéanamh beidh tuiscint de dhíth ar fhréamhacha, ar réimíreanna agus iarmhíreanna a fheictear go minic sna teangacha dúchasacha agus go háirithe sa téarmaíocht eolaíoch, leighis, polaitiúil, fealsúnachta, liteartha agus ealaíonta. Déanfar eolas na ndaltai ar an réigiún sin a mheas sa chás go gceadaíonn an sliocht don tuiscint a leithéid a dhéanamh. Beidh na ceisteanna bunaithe ar na heiseamláiri a thugtar in *Athenaze,* Leabhar 1 nó ar ghnéithe den teanga Ghréigise a bhuailtear go minic leo in *Athenaze,* Leabhar 1 (féach leathanach 103 de Lámhleabhar na Múinteoirí, Imleabhar 1 go dtí *Athenaze,* Leabhar 1 don Chlár iomlán um Staidéar focal)

6.6 Aiste Ghréigise

Ais luachmhar í an Aiste Ghréigise chun eolas beacht a fháil ar dheilbheolaíocht agus ar chomhréir agus baintear feidhm aisti san *Athenaze* don ghnó sin, ach go háirithe, agus cabhraíonn sí, freisin, chun an foclóir sa mhír Ghréigise sa téacs a láidriú. Tugamm si éagsúlacht ceachtanna don mhúnteoir agus don dalta. Cleachtadh ar aistí a scríobh, tugann sé muinín do saghas ar leith dalta ar mian leo rochtain a dhéanamh ar an struchtúr foirmiúil den teanga fiú má bhíonn deacrachtaí i gceist. Mar achoimre, is féidir leis an Aiste:-

- gach aon infhilleadh den ainmfhocal agus den bhriathar a dhaingiú san intinn mar aon leis an gcomhréir Ghréigise
- míniú ar an tslí in ar rinneadh na Gréigigh sleachta urlabhra agus an focal scríofa a chumadh
- cabhrú chun an graiméar Gréigise, ach go háirithe, agus an graiméar a bhaineann leis an teanga dhúcasach a thuiscint
- meas a bhunú ar éachtaí scríobhnóirí Gréigeacha trí úsáid a bhaint as an teanga Ghréagach mar uirlis sna haistí

An t-eolas ar an Aiste Ghréigeach a bheidh ag teastáil ó na daltaí sa scrúdú scoir, beidh sé bunaithe ar an bhfoclóir, ar an graiméar agus ar na tógálacha a úsáidtear sna ceachtanna Aiste in *Athenaze,* Leabhar 1. Dá bhrí sin, beidh gá le eolas ar na gnéithe a leanas:-

- an chéad, an dara agus an tríú díochlaonadh d'ainmfhocail agus aidíachtai
- céimeanna comparáide aidiachtaí (Ardleibhéal amháin)
- cumadh dobhriathra
- forainmneacha pearsanta
- an forainm choibhneasta agus clásail choibhneasta a shloinneadh
- an Aimsir Láithreach, an Aimsir Neamhfhoirfe agus an Aimsir Aorist, Guthanna Gniomhacha agus Lárnacha, Modh Tástach de bhriathra mar aon leis na tri chineál de bhriathra teagmhála
- an aimsir láithreach agus Aorist, Guthanna Gníomhacha agus Lárnacha, Modh Infinideach de bhriathra
- rangabhálacha san aimsir Láithreach agus san aimsir Aorist a chumadh, Guthanna Gniomhacha agus Lárnacha
- Orduithe Díreacha agus Neamhdhíreacha a shloinneadh
- Ráiteas Neamhdhíreach a shloinneadh tar éis λέτw
- Ceisteanna Díreacha agus Neamhdhíreacha a shloinneadh
- feidhmeanna speisialta den Tuiseal Tabharthach (féach *Athenaze,* Leabhar 1, leathanaigh 64-65 agus liosta na mbriathar ar leathanach 242)
- géilleadh agus comhaisnéis go ginearálta
- gnáthréamhfhocail
- forainm agus aidiacht cheisteach τίs, τί
- forainm agus aidiacht neamhchinnte τίs, τί (féach *Athenaze,* Leabhar 1, leathanaigh 79 agus 209)
- na briathra neamhphearsanta σεῖ and ἐ/εεστι
- ceisteanna a bhaineann feidhm as na dobhriathra ceisteacha ἆρα, ποί, πόθεν,πότε, πού, τίs, τί
- na aidiachtaí taispeántacha οὗτος, ἐκῖνος, όσε
- *an t-am laistigh de, cathain, fad ama* a shloinneadh (féach *Athenaze,* Leabhar 1, leathanach 165)

- na bunuimhreacha ó 1 go dtí 10 (Gnáthleibhéal) agus ó 20 go dtí 100 móide díochlaonadh na mbriathar εîs agus τρεîs.(Ardleibhéal amháin)

- na horduimhreacha ó ‘céad’go dtí ‘deichiú’

N.B. An cineál abairte a úsáidfear chun an Aiste a thástáil, tabhair faoi deara go ndéanfaidh sé na heiseamláirí san *Athenaze*, Leabhar 1 a fhrithchaitheamh go mion.

6.7 <u>An Stair Ghréagach</u>

(a) Tosaíonn an tréimhse réamhainmnithe staire leis an Éirí amach Ionach ó na Peirsigh (499 R.C.) agus críochníonn si ag bás Pericles (429 R.C.) sa tríú bliain den Chogadh Peloponnesian. Blianta cháiliúla na 70 bliain sin sa stair Ghréagach de bhrí gur rinneadh na hAtaenaigh éachtaí móra. Áirítear sna héachtaí sin an daonlathas a rinneadh a fhorbairt, sheas siad in aghaidh na fórsaí ón Impireacht Pheirseach, rinne siad a gcuid saolta a thaifeadadh i móroibreacha cháiliúla agus d’fhás suas ina measc triúr drámadóir clúiteach mar aon leis an bhfealsúnaí Socrates. Sa tréimhse seo, freisin, d’fás an Ealaín Chlasaiceach agus Ailtireacht go leibhéal ard. Ag an am céanna thaispeáin na Spartaigh go raibh siad cumhachtach sa mhéid a bhain leis an airm. le smacht agus le crógacht cé nach raibh siad ar an leibhéal céanna is a bhi na hAtaenaigh sa mhéid a bhain le éachtaí intinne agus ealaíonta. Saol eachtrach, saol cróga agus saol gan ceangail, b’shin féachaint amach na hAtaenaigh. Saol coimeádach, saol daingean agus saol forálacha, b’shin, ar an láimh eile, an féachaint amach a bhí ag na Spartaigh. Sa chéad deich mbliana den tréimhse sin chomhoibrigh an dá ghné den saol Gréagach, na hAtaenaigh agus na Spartaigh, le chéile chun dul i gcoinne Peirsia, an namhad comónta ach diaidh ar ndiaidh briseadh an nasc a cheangail iad le chéile agus faoi dheireadh thiar thosaigh siad ar an gcogadh fada tubaisteach idir eatarthu.

(b) Agus an tréimhse seo á múineadh, is é a bheidh ag teastáil ón mhúinteoir ná chun tuiscint ghinearálta a thabhairt do na daltaí faoi na móreachtraí a leanas:-

- Conas mar a tharla easaontas idir na hAtaenaigh agus an Impireacht Pheirseach

- Conas mar a bhí an chuid eile den domhan Gréigeach gafa san easontas sin

- Conas mar a fuair na Gréigigh an lámh in uachtar ar an Impireacht Pheirseach
- An fás faoin Impireacht Ataenach de thoradh bua na nGréagach ar na Peirsigh
- Méadú ar an teannas idir na hAtaenaigh agus na Spartaigh agus roinnt na Gréige i ndá ghrúpa i gcoinne a chéile
- Tosú ar an gCogadh Peloponnésach

© Roimh thosú ar an staidéar feadh na línte sin, ba chóir don mhúinteoir eolas a thabhairt ar an réamhchúlra a leanas:-

- Bhreacrianú gairid ar choilíniú na nGréagach agus tagairt, ach go háirithe, do na Gréigigh Iónacha san Áise Bheag (féach an aiste 'Trade and Travel' san *Athenaze*, Leabhar 1, leathanach 143ff)
- Míniú ar cerb iad na Gréigigh Iónacha
- Breacrianiú stairiúil ar Ataen agus a daonlathas nua (féach an aiste ghairid 'The deme and the Polis' – 'Athens: An Historical Outline' – 'The Rise of Athens' ar leathanaigh 24-26, 86-88 agus 173-175 den *Athenaze*, Leabhar 1)
- Breacrianú ar fhoinse den Impireacht Pheirseach (féach an aiste 'The rise of Persia' arleathanaigh 156-159 den *Athenaze*, Leabhar 1 mar aon leis an 'Date Chart' ar leathanach xii)

(d) Agus aidhm an chúrsa a bheith leagtha amach, ba chóir don mhúinteoir na míreanna a leanas a láimhseáil in ord, ag cur san áireamh go mbuailtear le roinnt mhaith díobh sna haistí agus sna sleachta Gréigise san *Athenaze*, Leabhar 1 agus i gcás daltaí Ardleibhéil i gcuid de na sleachta sa Léitheoireacht Réamhainmnithe san *Greek Through Reading.* (Na leathanaigh a luaitear, baineann siad le *Athenaze*, Leabhar 1):-

[N.B. Ní cóir do na múinteoirí dul go doimhin isteach in aon cheann de na réigiúin a luaitear thuas. Mar sin féin, ba chóir béim níos mó a chur ar na réigiúin a thaispeántar i gcló dubh. D'fhéadfaí sprioc chuí a dhíriú ar thuiscint ghinearálta a bhainfidh leis na mórchlaonta sa tréimhse réamhainmnithe agus ar eolas ar na mórphearsantachtaí – tugtar liosta iomlán de na pearsantachtaí sin sa mhír (e) a tagann i ndiaidh na míre seo. Ní ionann é seo is a rá nach bhféadfadh múinteoirí dul go doimhin isteach ar réigiúin go bhfuil suim thar fóir acu iontu]

- Tar éis Hippias, an tíoránach, a ruaigeadh bhunaigh na hAtaenaigh daonlathas (c. 507 R. C.)

- Éiríonn na hIónaigh, le cabhair na nAtaenach, amach i gcoinne Persia agus dóitear Sardis (leathanaigh 158 agus 174)

- Rinneadh na hIónaigh a chloí ag Lade (l. 158) agus déantar Miletus a ghabháil (494 R.C.)

- Teitheann Miltiades, tíoránach Chersonese, go Ataen le eolas luachmhar ar charachtar agus ar iniúlachtaí na bPeirseach

- An Chéad Chogadh Peirseach (490 R.C.): Bíonn an bua ag na Ataenaigh agus na Plataenaigh, faoi Miltiades, ar na Peirsigh (faoi theoir Hippias) ag marathon (leathanaigh 158 – 159 agus sliocht réamhainnithe 84 sa *Greek Through Reading*)

- Sna deich mbliana, 491 – 481 R.C. bíonn cogadh idir Ataen agus Aegina agus sa tréimhse sin tháinigh mórfhorbairt ar fhórsaí farraige na nAtaen

- Teipeann ar Miltiades oileán Paros a ghabháil don Ataen sa bhliain 489 R. C. agus faigheann sé bás i bpriosún faoi neamhonóir

- Sa bhliain 485 R.C. tagann Xerxes i réim mar Rí ar Phersia

- Aristides, an duine a cheapann gur fearr an airm seachas an chabhlach a fhorbairt, déantar é a dhíbirt as Ataen (483 R.C.)

- Themistocles, an duine atá i bhfábhar fhorbairt an chabhlaigh, ceaptar é mar archon Ataen, tógann sé 200 trirernes as ioncam ó na mianaigh airgid ag Laurium (Laurion) agus tógann sé calafort nua ag Peiraeus (483 – 482 R.C.)

- An Dara Cogadh Peirseach (480 - 479 R.C.) : Fágann Xerxes Sardis agus trasnaíonn an Hellesport - troideann na Spartaigh faoi Leonidas ina choinne ag Thermopylae ar feadh tamaill – éiríonn go maith leis an gcabhlach Gréagach ag Artemisium (Artemision) – tar éis Thermopylae a bheith caillte, fágann an Ataenaigh Ataen agus teitheann an cabhlach Gréagach ó dheas go Salamis – tosaíonn Themistocles an cogadh farraige ag Salamis áit a mbíonn mórbhua ag na Gréagaigh – filleann Xerxes abhaile agus fágann sé Mardonius chun an cogadh a leanúint ar thalamh – déantar Mardonius a mhilleadh go hiomlán ag Plataea ag na Gréagaigh faoi ordú Pausanias, an Sparta agus Aristides an tAtaenach – bíonn an bua ag an gcabhlach Gréagach ar na Persaigh ag Mycale agus déantar go leor bailte Iónacha a fhuascailtt (leathanaigh 166-170, 173-178, 180-181, 186-186, 198-199 agus 206 do na mapanna , na haistí agus don chuntas i nGréigis a

bhaineann leis an gcuid is mó de na míreanna atá liostaithe sa mhír seo; sleachta réamhainmnithe 74, 75 agus 84 i *Greek Through Reading*)

- Déanann Themistocles Ataen agus Peiraeus a láidriú le ballaí nua (478 R.C.)
- Tá cuma sotalach ar cheannasai an chabhlaigh Ghréagaigh agus é ag troid i gcoinne na bPeirseach san Aegéan tuaisceartach agus tugtar an ceannas don Ataenach, an chéad chéim i dtreo na himpireachta
- Déanann Aristides Comhdháil Delos a eagrú chun an Ghréig agus na cathracha saora a chosaint ó na Peirsigh choice (478 – 477 R.C.)
- Déantar Themistocles a ruaigeadh as Ataen (472 R.C.) agus glactar leis i Persia
- Tá Cimon, mac Miltiades, i gceannas fórsai chomhcheangal Delian agus bíonn an bua aige ar na Peirsigh minic go leor, an bua cáiliúil ar talamh agus sa bhfarraige ag abhainn Eurymedon (468 R.C.)
- Déantar Comhdháil Delos a athrú diaidh ar ndiaidh san Impireacht Ataenach de bhrí go bhfuil Ataen fíor-chomhachtach agus go bhfanann Sparta amach as – déantar Naxos, mar shampla, a laghdú sa bhliain 466 R.C. ag na Ataenaigh de bhrí go diúltaíonn si a ranniocaíocht bhliantúil a íoc agus fágtar í mar fochathair Ataen – Gabhann Cimon Thasos, freisin.
- Nuair a tharlaíonn crith talún i Sparta (464 R.C.), éiríonn na Helots agus na Messenians amach agus cuireann na Ataenaigh Cimon chun cabhrú leis na Spartaigh – Cuireann na Spartaigh é abhaile gan miniú ceart a thabhairt agus méadaíonn ar an easaontas idir an dá mhórchomhacht (461 R.C.)
- Déantar Cimon a ruaigeadh ag na Ataenaigh agus rinneadh an comhcheangal Ataenach le Sparta a chur i leataobh i bhfabhar ceann le Argos (461 R.C.)
- Laghdaíonn Pericles agus Ephialtes comhacht Areopagus in Ataen agus cuireann íocaíocht giúróirí ar bun (461 R.C.) ach déantar Ephialtes a fheallmharú
- Theip ar ionsai cróga Ataenach ar an Éigipt i gcoinne na Peirsigh inti (460 – 454 R.C.)
- Tagann Megara isteach ar thaobh Ataen (459 R.C.) a thugann rochtain di don Sruth Corinth
- Sa bhliain 458 R.C. loiteann na Ataenaigh comhacht farraige Aegina agus cuireann d'iachall ar Aegina rannpháirt a ghlacadh sa Chomhdháil Delos

- Déanann Sparta iarracht chun cumhacht Thebes sa Boeotia a láidriú mar chothromú ar chumhacht Ataen
- Bíonn an bua ag na Spartaigh ar na Ataenaigh ag Tanagra agus iad ag filleadh abhaile ó Thebes agus is féidir leo ansin filleadh abhaile trí Megara (457 R.C.) – athghlaotar Cimon ó deoraíocht
- De thoradh an bua a bhí acu ag Oenophyta sa bhliain 457 R.C. bhí na Ataenaigh i gceannas Boeotia go hiomlán, ach amháin Thebes – go luath ina dhiaidh sin déantar státchiste na comhdhála a aistriú go Ataen
- Déantar sos cogaidh cúig bliana a shíniú idir Ataen agus Sparta (450 R.C.)
- Faigheann Cimon bás agus é ag troid sa Cyprus i gcoinne na Peirseach (449 R.C.)
- Déanann Ataen síocháin a shocrú le Persia (c. 448 R.C.) agus fágtar Cyprus gan cairde
- Bíonn an bua ag na Boeotians ar na Ataenaigh ag Coronea agus cuirtear d'iachall orthu Boeotia a ghéilleadh fad is a éiríonn Megara agus Euboea amach (447 R.C.)
- Tosaíonn Pericles ar Ataen a mhaisiú ag baint feidhme as cisti Comhdhála (447 R.C.)
- Tar éis glacadh le géilleadh Euboea, déanann Ataen síocháin triocha bliain a shíniú le Sparta
- Fanann Pericles i gceannas san Ataen agus toghtar é gach aon bhliain mar ceannasaí go dti go bhfaigheann sé bás (444- 429 R.C.). Déantar a iomaitheoir Thucydides a dhíbirt
- Éiríonn Samos amach i gcoinne Ataen agus bíonn an bua ag Pericles uirthi (440 R.C.)
- <u>Na Cúiseanna a bhí taobh thiar den Chogadh Peloponnesian</u>: easaontas idir Corinth agus Corcyra a bhain le Epidamnus mar aon leis an gcomhcheangal cosanta Ataen le Corcyra – éirí amach Potidaea, coilíneacht Corinth, ó Ataen mar aon leis an ionsaí ag na Ataenaigh – fás ginearálta comhacht Ataen agus amhras cómhalartach idir an dá mhórchomhacht – brú ó chomhghuaillithe Sparta
- Ionsaí ar Attica ag na Peloponnesigh sa bhliain 431 R. C.
- Briseadh amach na haicíde in Ataen agus bás Pericles (430 – 429 R.C.)

(e) D'fhéadfaí na pearsantachtaí a leanas a úsáid mar sprioc tagartha agus aontaithe don tréimhse réamhainmnihe:-

Hippias, Miltiades, Xerxes, Themistocles, Aristides, Leonidas
Pausanias, Mardonius, Cimon, Pericles

(f) Mar aon le roinnt eolais ar na gnéithe thuasluaithe, ba chóir go mbeadh roinnt eolais ag na mic léinn, agus an cúrsa staire réamhainmnite a bheith slánaithe acu, ar a bhfuil thíos:-

- tuairim maidir le daonlathas
- tuairim maidir le forlámhas
- crógacht agus tírghrá
- conas mar is féidir le impireachtaí tosú agus borradh
- conas mar is féidir le easaontas éirí i measc daoine

(g) Ba chóir do mhúinteoirí a chur in iúl do dhaltai go bhfuil eolas ar fáil ar an gcúigiú haois R.C. a bhaineann leis an tréimhse staire réamhainmnithe: (i) *Startha* ag Herodotus, Leabhair 5 – 9 ar na cogadhaí Peirseach (ii) *The Peloponnesian War* ag Thucydides, Leabhar 1 le haghaidh achoimre d'eachtraí idir 478 agus 431 R.C. , cuntas iomlán san áireamh maidir le gairmeacha deireanacha Pausanias agus Themistocles agus cúiseanna an Chogaidh Peloponnesian.

6.8 <u>Sibhialtacht Ghréagach, Miotas agus Finscéal</u>

An t-eolas a bheidh a teastáil, beidh sé teoranta ag na réigiúin de Sibhialtacht na Gréige, Miotas agus Finscéal a dhéantar déileáil leo san dá théacs réamhainmnithe, *Athenaze*, Leabhar 1 agus *Greek Through Reading* de réir mar a tharlaíonn siad sna sleachta Gréigise nó sna aistí. Mar a bhaineann leis an Stair Ghréagach, ní bheidh eolas mion ar na réigiúin sin ag teastáil. Léiríonn a bhfuil a leanas na réigiúin nach mór staidéar a dhéanamh orthu:-

6.9 <u>Sibhialtacht Ghréagach</u>

Athenaze, Leabhar 1: Feirmeoireacht na Gréige; Slábhaíocht; Deme agus Polis; Stádas

na mBan; Cathair Ataen; Féilí; Leigheas Gréige; Tráchtáil agus Taisteal; Idirdhealú idir Sparta agus Ataen; Amharclann san Ataen.

Greek Through Reading: Na Cluichí Oilimpeacha

6.10 Miotas agus Finscéalt Gréagach

Athenaze, Leabhar 1: Déithe agus Fir; Miotas ag baint feidhme as sampla Prometheus, Epimetheus agus Bosca Pandora; Theseus, an Minotaur, Ariadne agus Aegeus; Horner; Odysseus agus na Cyclops; Odysseus agus Aeolus; Odysseus agus Circe; cailleann Odysseus a chompánaigh.

Greek Through Reading: Phoebus, Appollo agus Artemis; Hermes; Demeter; Aphrodite; Heracles; Theseus, castor agus Polydeuces; Agamemnon; Achilles; Odysseus; Jason agus na Argonauts; Perseus agus Andromeda; Deucalion agus Pyrrha; Orpheus; Prometheus; An Sphinx.

Don Ardleibhal Amháin: Odysseus agus Alcinous; Arion.

7. MEASÚNACHT

7.1 Déanfar dul ar aghaidh na mac léinn, agus an cúrsa a bheith criochnaihe acu, a thomhas tríd an mheasúnacht – ag leibhéal a beidh iomchuí d'aois is d'inniúlacht na ndaltaí mar a fhrithchaitear iad sna páipéir scrúdaithe ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal – sna réigiúin a leanas:-

Eolas agus Tuiscint ar

- an teanga Ghréagach
- an graiméar Gréagach
- Sanasaíocht
- litríocht Ghreagach
- Stair Ghréagach ó 499 R.C. go dtí 429 R.C.
- Pearsantachtaí cháiliúla sa stair Ghréagach ó 499 R.C. go dtí 429 R.C.
- Sibhialtacht Ghréagach
- Miotas agus Finscéal Gréagach

Oilteacht agus Inniúlacht

- maidir leis an teanga Ghréagach a aistriú
- maidir leis an teanga Ghréagach a thuiscint
- maidir le aiste a scríobh sa teanga Ghréagach
- chun míniú a thabhairt ar ghnéithe tábhachtacha stairiúla, polaitiúla agus sóisialta den tsibhialtacht Ghréigeach.

7.2 Ualaithe na Marcanna

Seo thíos na hualaithe marcanna sa mheasúnacht ag an dá leibhéal:-

Réigiún	Céatadán naMarcanna
Gréigis réamhainmnithe a aistriú (Cúlra san áireamh)	25%
Aistriúchán ar Ghréigis neamhainmnithe	20%

Tuiscint na Gréigise (graiméar agus sanasaíocht san áireamh)	20%
Aiste Ghréigise	20%
Stair Ghréagach	7.5%
Sibhialtacht, Miotas agus Finscéalta Ghréagacha	7.5%

7.3 Cruth an Pháipéir Scrúdaithe

Beidh dhá pháipéar scrúdaithe i gceist, ceann amháin ag an Ghnáthleibhéal agus ceann amháin ag an Ardleibhéal. 400 an marc iomlán ar gach pháipéar acu.

Beidh seacht gceist ar gach pháipéar ag leibhéal deacrachta cuí agus san ord a leanas:-

C.1* Aistriúchán ar shleacht de Ghréigis Réamhainmnithe (10%) mar aon le ceist chúlra amháin (2.5%) = 12.55 nó 50 marc

C.2* Mar atá i gcás C.1 = 12.5% nó 50 marc

C.3 Aistriúchán ar shleacht de Ghréigis Neamhainmnithe = 20% nó 80 marc

C.4 Tuiscint ar shleacht de Ghréigis (Graiméar agus Sanasaíocht san áireamh) = 20% nó 80 marc

C.5 Aiste mar abairti ón teanga dhúchasach go dtí an teanga Ghréigise = 20% nó 80 marc

C.6 Dhá cheist ar an Stair Ghréagach. Ní gá ach ceann amháin a fhreagairt = 7.5% nó 30 marc

C.7 Dhá cheist ar an tShibhialtacht, Miotas agus Finscéalta Ghréagach. Ní gá ach ceann amháin a fhreagairt = 7.5% nó 30 marc.

* I gCeist 1, déanfar an sliocht den téacs Gréigise a roghnú don dá leibhéal as na sleachta a bheidh réamhainmnithe don Ghnáthleibhéal.

I gCeist 2, déanfar an sliocht den téacs Gréigise ag an Ardleibhéal a roghnú i gcónaí as iad san a bheidh réamhainmnithe don Ardleibhéal.

A**GUISÍN** – Teidil agus údair na Sleachta Réamhainmnithe sa *Greek Through Reading*

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal –

15. *Phoebus Apollo agus Artemis* ag Apollodorus
16. *Hermes* ag Apollodorus
17. *Demeter* ag Apollodorus
18. *Aphrodite* ag Apollodorus
21. *Heracles* ag Apollodorus
22. *Theseus* ag Apollodorus
23. *Castor agus Polydeuces* ag Apollodorus
24. *Agamemnon* ag Apollodorus
25 *Achilles* ag Apollodorus
27. *Odysseus* ag Apollodorus
30. *The Argonauts* ag Apollodorus
31. *The Argonauts* (ar leanúint) ag Apollodorus
32. *Perseus and Andromeda* ag Apollodorus
33. *Deucalion and Pyrrha* ag Apollodorus
34. *Orpheus* ag Apollodorus
35. *Prometheus* ag Apollodorus
36. *The sphinx* ag Apollodorus
37. *The Frogs ask for a King* ag Aesop
38. *The town mouse and the country mouse* ag Aesop

Ardleibhéal Amháin –

49. *The tent of Achilles before Troy,* ina dhiaidh Homer

50. *At the Court of King Menelaus, King of Sparta,* ina dhiaidh Homer

52. *How a baby was saved from a cruel death* ag Herodotus

58. *Revellers "gate-crash" a feast* ag Plato

64. *At the Court of Alcinous in Phaeacia,* ina dhiaidh Homer

65. *A boat hunt* ag Herodotus

66. *A boat hunt* (ar leanúint) ag Herodotus

67. *The Olympic Games* ag Apollodorus

73. *The story of the minstrel Arion* ag Herodotus

74. *The battle of Salamis, 480 R.C.* ag Herodotus

75. *Exploit of Queen Artemisia at Salamis* ag Herodotus

84. *The Battle of Marathon, 490 R.C.* ag Herodotus